National Traveller Accommodation
Consultative Committee
An Coiste Comhairleach Náisiúnta
um Chóiríocht don Lucht Siúil

Tuarascáil Bhliantúil 2006

Teach an Chustaim
Baile Átha Cliath 1
Teileafón: (01) 888 2121
Lóghlao: 1890 20 20 21
Facs: (01) 888 2619
email: ntacc@environ.ie

Ascaill Wyckham, Baile an tSaoir, Dún Laoghaire – Ráth an Dúin

Clár

1.	**Focal ón gCathaoirleach**	**4**
2.	**Eolas Ginearálta**	**6**
	Bunú	6
	Téarmaí Tagartha	6
	Comhaltaí an Choiste	6
	Tuarascáil Bhliantúil an Choiste	7
	Cruinnithe	7
3.	**Achoimre ar Phríomhghníomhaíochtaí**	**9**
	Grúpa Oibre ar Chóiríocht Neamhbhuan	9
	Seimineáir Náisiúnta maidir le Feidhmiú na gCoistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil	9
	Cláir Chóiríochta don Lucht Siúil – Tuairiscí ar Mhonatóireacht sa bhliain 2005	9
	Tuarascálacha Bliantúla na gCoistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil	9
	Cóiríocht na nÚdarás Áitiúil don Lucht Siúil sa bhliain 2006	10
	Grúpa Oibre Comhairleach Comhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh Lucht Siúil	11
	Comhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh Lucht Siúil	11
4.	**Airgeadas**	**13**
5.	**Aguisíní**	**14**
	Aguisín I Cóiríocht a cuireadh ar fáil sa bhliain 2006	14
	Aguisín II Comhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh Lucht Siúil sa bhliain 2006	20

Focal ón gCathaoirleach

Cathaoirleach - Séamus Ó Cinnéide

Is mór an onóir dom an seachtú Tuarascáil Bhliantúil den Choiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil a chur faoi bhráid an Aire do Thithíocht agus Athnuachan Uirbeach. Clúdaíonn tuarascáil na bliana 2005 bliain a trí de théarma oifige an dara Coiste agus an chéad bhliain den dara Clár Cóiríochta don Lucht Siúil. Mar Chathaoirleach ar an tríú Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil – a ceapadh sa bhliain 2007 – ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo réamhtheachtaí, Chris Flood, agus lena chomhghleacaithe go léir ar an dara Coiste as a ndúthracht agus a dtiomantas ó thaobh cheist chóiríochta an Lucht Siúil a chur chun cinn.

Ba léir ó Dhaonáireamh na bliana 2006 go raibh titim sa líon daoine den Lucht Siúil a bhí sa Stát idir 2002 agus 2006 ach ní léir don Phríomh-Oifig Staidrimh féin fiú amháin cén t-údar a bhí leis an titim sin. Áiríodh 22,435 duine de Lucht Siúil na hÉireann i ndaonáireamh na bliana 2006 agus is ionann sin agus laghdú 1,254 i gcomparáid le figiúirí na bliana 2002.1 D'ainneoin an laghdú seo ar líon daoine den Lucht Siúil a taifeadadh taispeánann comhaireamh bliantúil de theaghlaigh an Lucht Siúil i mí na Samhna 2006, áfach, gur tháinig ardú sa bhliain 2006 – den chéad uair ón mbliain 1999 – ar an líon teaghlach den Lucht Siúil (629) a bhí ina gcónaí ar láithreáin neamhúdaraithe. Cé nár tharla ardú ar bith sa bhliain 2006 i gcomparáid le 2005 sa chéatadán de theaghlaigh den Lucht Siúil a bhí ina gcónaí ar láithreáin neamhúdaraithe (8% sa dá bhliain, de bharr an t-ardú a tháinig ar líon na dteaghlach den Lucht Siúil sa bhliain 2006), ní leor fanacht mar atá sa chás seo. Saincheist nach mór dóibh siúd go léir atá freagrach as cóiríocht shóisialta a sholáthar aird a thabhairt uirthi go práinneach is ea saoráidí buana a sholáthar do na teaghlaigh siúd den Lucht Siúil a bhíonn ina gcónaí ar shuímh neamhúdaraithe.

Cuireadh forbairtí níos dearfaí i gcrích i réimsí eile cóiríochta sa bhliain 2006, áfach. Bhí, mar shampla, ardú measta de 239 teaghlach ar an líon de theaghlaigh den Lucht Siúil a raibh cónaí orthu i gcóiríocht phríobháideach ar

cíos i gcomparáid le 2005, agus bhí ardú de 63 teaghlach ar an líon a raibh cónaí orthu i ngnáthchóiríocht údaráis áitiúil le linn na bliana. Lean an treocht a tugadh faoi deara i dtuarascáil na bliana seo caite maidir leis an líon teaghlach den Lucht Siúil a raibh cónaí orthu i ngrúpthithíocht ar aghaidh chomh maith (ardú ó 606 teaghlach sa bhliain 2005 go 642 teaghlach sa bhliain 2006). Tá sonraí faoin gcóiríocht a chuir gach údarás áitiúil ar fáil sa bhliain 2006 leagtha amach in Aguisín I.

Is maith is eol domsa, Cathaoirleach an tríú Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil, a ceapadh i mí Márta na bliana 2007, nach mór don Choiste a bheith ag brath ar dhea-mhéin agus ar thacaíocht daoine aonair agus eagraíochtaí seachtracha más leis an gCoiste a bheith éifeachtach. Thug an tAire do Thithíocht agus Athnuachan Uirbeach, an tUasal Nollaig Ó hEachthighearn, T.D., an-tacaíocht d'obair an Choiste sa bhliain 2006 faoi mar a thug comhaltaí an Choiste a bhí ag dul as oifig. Chuir foireann an Aonaid um Chóiríocht don Lucht Siúil sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil seirbhísí riaracháin agus rúnaíochta ar fáil don Choiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil. Ba mhaith liom ar son an dara Coiste mo bhuíochas a ghlacadh leo agus leo siúd go léir a chabhraigh leis an gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil feidhmiú go héifeachtach le linn 2006.



Séamus Ó Cinnéide
Cathaoirleach

[1] An Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2006. Príomhthorthaí Déimeagrafacha (Corcaigh, 2007), lch 27,76.

Eolas Ginearálta

Bunú

Bunaíodh an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil ar bhonn reachtúil ar an 29 Aibreán 1999 faoi alt 19 agus 20 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998. Ceapadh an dara Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil ar an 10 Márta 2003 agus chuaigh a théarma oifige in éag ar an 9 Márta 2006.

Téarmaí Tagartha

Is iad seo a leanas Téarmaí Tagartha an Choiste:-

Comhairle a thabhairt don Aire

- i ndáil le haon ní ginearálta a bhaineann le cóiríocht don Lucht Siúil;
- i ndáil le haon ní a tharchuirfidh an tAire chuige;
- i ndáil leis na bearta is mó is cuí chun feabhas a chur, ag an leibhéal áitiúil, ar chomhchomhairle leis an Lucht Siúil agus rannpháirteachas an Lucht Siúil nuair a bhíonn cóiríocht á cur ar fáil agus á bainistiú;
- i ndáil le nithe ginearálta a bhaineann le hullmhú, le leordhóthanacht, le cur i ngníomh agus le comhordú clár cóiríochta don Lucht Siúil.

Comhaltaí an Choiste

Chuaigh téarma oifige an dara Coiste in éag ar an 9 Márta 2006. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste mar a bhí:

An tUas. Chris Flood	Cathaoirleach
An Comh. William Callaghan	Comhlachas Údarás Bardasach na hÉireann
An tUas. Martin Collins	Ionad Pavee Point don Lucht Siúil
An tUas. Thomas Cunningham	Ard-Chomhairle na gComhairlí Contae
An tUas Alex Fleming	Cumann na mBainisteoirí Cathrach is Contae
An tUas. David Joyce[2]	Gluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann
Ms Maria Joyce	Fóram Náisiúnta do Mhná an Lucht Siúil
An tUas. Brendan Kenny	Cumann na mBainisteoirí Cathrach is Contae

Ms Ellen Mongan	Ainmní an Aire
An tUas. Séamus O'Connor	Ainmní an Aire
Ms Mary O'Donoghue[2]	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
An tUas. Brendan Sheehy[2]	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí
An tUas. Eugene J. Doyle	Rúnaí an Choiste

[2] Ainmníodh an tUas. Joyce, Ms. O'Donoghue agus an tUas. Sheehy chun folúntais ar an dara Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil a líonadh, ach ní raibh siad ceaptha go foirmiúil ar an gCoiste faoin tráth a ndeachaigh a théarma oifige in éag.

Tuarascáil Bhliantúil an Choiste

Ordaíonn Alt 19 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998 go ndéanfaidh an Coiste tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire do Thithíocht agus Athnuachan Uirbeach maidir lena chuid gníomhaíochtaí agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil sin a leagan faoi bhráid dá Theach an Oireachtais. Tá an tréimhse idir an 1 Eanáir – 31 Nollaig 2006 san áireamh sa Tuarascáil seo.

Cruinnithe

Thionóil an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil dhá chruinniú Coiste idir an 1 Eanáir agus an 9 Márta 2006, tráth a ndeachaigh a théarma oifige in éag.

Is é seo a leanas an líon cruinnithe de chuid an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil ar ar fhreastail gach comhalta Coiste le linn 2006: An tUas. Flood (2), An Comh. Callaghan (0), An tUas. Collins (2), An tUas. Cunningham (2), An tUas. Fleming (1), An tUas. Joyce (0), Ms Joyce (2), An tUas. Kenny (1), Ms Mongan (1), An tUas. O'Connor (2), Ms O'Donoghue (2), An tUas. Sheehy (2).

Láithreán N. Aodháin, Gort an tSrutháin, Áth Cliath Theas

Achoimre ar Phríomhghníomhaíochtaí

1. Grúpa Oibre ar Chóiríocht Neamhbhuan

Lean an grúpa oibre ar aghaidh sa bhliain 2006 le roghanna de chóiríocht neamhbhuan a mheas – léigh tuarascáil bhliantúil 2005, leathanach 13, Pointe 8, le do thoil, chun cúlra an ghrúpa oibre a fháil – ach ní raibh sé d'acmhainn ag an ngrúpa tuarascáil a dhréachtú sula ndeachaigh téarma oifige an Choiste in éag sa Mhárta.

2. Seimineáir Náisiúnta maidir le Feidhmiú na gCoistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil

Chinn an Coiste, sa bhliain 2005, seimineáir náisiúnta a thionól maidir le feidhmiú na gCoistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil. (Léigh tuarascáil bhliantúil na bliana 2005, leathanach 15, Pointe 11, le do thoil, chun an cúlra a fháil.) Lean an Coiste ar aghaidh lena obair ullmhúcháin ag a chruinnithe sna míonna tosaigh den bhliain 2006 ach níorbh fhéidir seimineáir a thionól sula ndeachaigh a théarma oifige in éag.

3. Cláir Chóiríochta don Lucht Siúil – Tuairiscí ar Mhonatóireacht sa bhliain 2005

Phléigh an Coiste an tsaincheist a bhaineann le spriocanna bliantúla chun cóiríocht don Lucht Siúil a sholáthar. Bhí na spriocanna seo le bheith san áireamh sa dara ceann de na Cláir Chóiríochta don Lucht Siúil a chlúdaigh an tréimhse idir 2005 agus 2008. (Léigh tuarascáil bhliantúil na bliana 2005, leathanach 15, Pointe 10, le do thoil, chun an cúlra a fháil.). Mheas an Coiste an t-ábhar a bhí ar an bhfoirm bhliantúil tuairiscí don mhonatóireacht agus tháinig siad ar aontú faoi. Ba í aidhm na tuairisce seo eolas a fháil faoin soláthar cóiríochta – agus miondealú déanta air ó thaobh na gcineálacha éagsúla cóiríochta de - i gcomparáid le spriocanna bliantúla, i ngach ceann de na húdaráis áitiúla. Scaipeadh an fhoirm seo ar gach údarás áitiúil i bhFeabhra na bliana 2006 lena líonadh.

4. Tuarascálacha Bliantúla na gCoistí Comhairleacha ar Chóiríocht Áitiúil don Lucht Siúil

Foilsíodh tuarascáil an Choiste, a d'eascair as an athbhreithniú a rinne sé ar fheidhmiú Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998, in Eanáir na bliana 2005. (Léigh tuarascáil bhliantúil na bliana 2005, leathanach 11, Pointe 4, le do thoil, chun an cúlra a fháil.). Ceann de na moltaí a tháinig as an tuarascáil ab ea gur chóir do na Coistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil tuarascálacha

bliantúla a chur faoi bhráid a n-údarás ceapacháin agus go mbeadh achoimre ar ghníomhaíochtaí don tréimhse a bheadh i gceist iontu. Bhí an Coiste i mbun oibre ar theimpléad do thuarascáil bhliantúil na gCoistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil nuair a chuaigh a théarma oifige in éag.

5. Cóiríocht na nÚdarás Áitiúil don Lucht Siúil sa bhliain 2006

7,691 teaghlach den Lucht Siúil a measadh a bhí sa Stát nuair a rinneadh an comhaireamh bliantúil ar theaghlaigh den Lucht Siúil i mí na Samhna 2006. Ardú 5.8% (ardú 425) ab ea é sin ar an líon teaghlach den sórt a comhraíodh sa bhliain 2005.

Tharla forbairtí nach raibh ag teacht lena chéile ó thaobh soláthar cóiríochta de do theaghlaigh den Lucht Siúil an bhliain sin (2006). Lean an t-ardú a bhí ag teacht (ardú 80 ón mbliain 2005 i leith, go 3,045 teaghlach faoi dheireadh 2006) ar an líon teaghlach den Lucht Siúil a bhí i ngnáth-thithíocht údaráis áitiúil agus i dtithíocht dheonach, agus is í an chóiríocht sin an chóiríocht chéad-rogha a bhíonn ag teaghlaigh den Lucht Siúil mar go roghnaíonn 39.60% de theaghlaigh iomlána den Lucht Siúil an cineál sin cóiríochta. (Léigh Tábla 1, leathanach 11, thíos le do thoil). Tharla an t-ardú ba mhó, sa bhliain 2006, i gcomparáid le 2005, de réir an taifeadta a rinneadh ar an rogha cóiríochta, san earnáil cóiríochta príobháidí ar cíos - ardú 239 go 935 teaghlach. Tugadh arduithe níos lú faoi deara i gcatagóirí eile cóiríochta a taifeadadh sa bhliain 2006 cosúil le grúpthithíocht (ardú 36 go 642 teaghlach) agus tithe príobháideacha le cúnamh ó údaráis áitiúla (ardú 30 go 433 teaghlach). Aisíocadh €35.55 milliún le húdaráis áitiúla sa bhliain 2006 i dtaca le caiteachas caipitil ar chóiríocht atá dírithe go sonrach ar an Lucht Siúil.

Tháinig ardú, den chéad uair ón mbliain 1999, ar an líon teaghlach a bhí ina gcónaí ar láithreáin neamhúdaraithe, ardú 40 (ón mbliain 2005) go 629 teaghlach. Sa bhliain 2006 tháinig ardú beag ar an líon measta de theaghlaigh den Lucht Siúil a raibh cónaí orthu i gcóiríocht a soláthraíodh as a n-acmhainní féin (ardú seacht dteaghlach go 485 teaghlach), agus tháinig níos mó d'ardú ar an líon teaghlach a taifeadadh a bheith i gcóiríocht roinnte (ardú 65 go 391 teaghlach). Mar a tugadh faoi deara cheana féin (léigh tuarascáil bhliantúil na bliana 2005, leathanach 12, Pointe 5, le do thoil, chun samplaí a fháil) tháinig laghdú ar an líon teaghlach a raibh cónaí orthu ar láithreáin

stad gach bliain ón mbliain 2003 i leith, laghdú 72 teaghlach ón mbliain 2005 i leith go 1,131 teaghlach faoi dheireadh 2006. Cé nach bhfuil aon mhíniú mionsonraithe ag an gCoiste ar an gclaonadh seo atá ag teacht chun cinn glactar leis, faoi mar a glacadh roimhe seo, gur chinn céatadán de na teaghlaigh a bhíodh ina gcónaí ar láithreáin stad roimhe seo bogadh isteach go rogha eile cóiríochta a bhí ar fáil dóibh agus go raibh cúiseanna éagsúla leis an mbogadh sin.

6. Grúpa Oibre Comhairleach

Lean an grúpa oibre ar aghaidh ag forbairt múnla píolótach comhairleach (léigh tuarascáil bhliantúil na bliana 2005, leathanach 11, Pointe 3, le do thoil, chun cúlra a fháil). Bhí an grúpa ábalta roinnt caibidlí dá thuarascáil a dhréachtú ach níorbh fhéidir leis an obair ar an doiciméad seo a chríochnú sula ndeachaigh téarma oifige an Choiste in éag.

7. Comhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh Lucht Siúil

Rinneadh an Comhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh Lucht Siúil ar an 24 Samhain 2006. Tugtar sonraí an Chomhairimh in Aguisín II. Tugtar achoimre sa tábla thíos (Tábla 1) ar chóiríocht theaghlaigh den Lucht Siúil faoi mar a bhí i ndeireadh na bliana 2006.

Tábla 1
Líon Teaghlach Lucht Siúil – Samhain 2006

	Líon na dTeaghlach i	2006	% de theaghlaigh
(a)	Gnáth-thithíocht (lena n-áirítear Tithíocht Dheonach)	3,045	39.60%
(b)	Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos	935	12.15%
(c)	Grúpthithíocht	642	8.35%
(d)	Láithreáin Neamhúdaraithe	629	8.18%
(e)	Cuasa ar Láithreáin bhuana Stad	613	7.98%
(f)	Acmhainní Féin	485	6.30%
(g)	Tithe Príobháideacha le cúnamh ó Údaráis Áitiúla	433	5.62%
(h)	Tithíocht Roinnte (catagóirí a, b, c, f, g)	391	5.08%
(i)	Cuasa le Seirbhísí Bunúsacha / Cuasa ar Láithreáin Neamhbhuana Stad[3]	327	4.25%
(j)	Cuasa Roinnte ar Láithreáin bhuana Stad	141	1.84%
(k)	Cuasa roinnte agus Seirbhísí Bunúsacha orthu/ Cuasa Roinnte ar Láithreáin Neamhbhuana Stad	50	0.65%
	Totals	**7,691**	**100%**

[3] Áirítear Cuasa sealadacha agus éigeandála ar láithreáin stad leis na Cuasa a bhfuil Seirbhísí Bunúsacha orthu.

Brendan Kenny agus Séamus O'Connor, Comhaltaí Coiste, ar cuairt ar láithreán

Airgeadas

Is í an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a ghlanann costais oibriúcháin an Choiste go hiomlán.

Thabhaigh an Coiste €6,962 de chaiteachas sa bhliain 2006. (Ba €20,773 suim an chaiteachais don bhliain 2005.)

Láithreán N. Pádraig, An Uaimh, Co. na Mí

Aguisín I
Cóiríocht a cuireadh ar fáil sa bhliain 2006

Láithreáin Stad críochnaithe Nollaig 2006

Údarás Áitiúil	Láthair	Líon na gCuas					
		Nua			Athchóirithe/Athdhéanta		
		Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal	Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal
Comhairle Contae Cheatharlach	Baile Dhongáin				4		
Comhairle Contae Chorcaí (Thiar)	Bóthar na Cé, Beanntraí				3		
Co. Co. Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin	Ascaill Wyckham	3					
Comhairle Contae Chiarraíl	Páirc na bhFianna, Cill Airne				1		
Comhairle Contae Chill Dara	Garraí an Tincéara				1		
Comhairle Cathrach Luimnigh	Bóthar Childers				9		
Comhairle Cathrach Luimnigh	Cluain an Longaigh				12		
Comhairle Cathrach Luimnigh	An Cosán Fada				8		
Comhairle Contae Mhaigh Eol	Caisleán an Bharraigh				6		
Comhairle Contae na Mí	N. Pádraig, An Uaimh	2			14		
Comhairle Contae Shligigh	Cluain na Maithín, Cúil Mhuine		8				
Comhairle Contae Shligigh	Bóthar Bhéal an Átha				1		
Comhairle Contae Shligigh	Buaile Fraoigh				1		
Comhairle Buirge Shligighl	Radharc an Ghleanna				1		
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Lána Choillte Leamháin, Cill an Ardáin	5					
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Lána Uí Loingsigh, Cluain Dolcáin						22
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Páirc an tSeanchaisleáin						12
Co. Baile Thiobraid Árann	An Cheathrú Chlochach			2			
Co. Baile Thulach Mhór	Cill Chruitín			17			
Comhairle Contae Chill Mhantáin	Bóthar an Ghleanna, Abhóca	4					
Iomlán		**14**	**8**	**19**	**61**	**0**	**34**

Láithreáin Stad á dtógáil ag an 31 Nollaig 2006

Údarás Áitiúil	Láthair	Líon na gCuas					
		Nua			Athchóirithe/Athdhéanta		
		Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal	Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal
Comhairle Contae Chorcaí (Thiar)	Moses Road, Cloich na Coillte				4		
Comhairle Contae na Gaillimhe	Deoch Uisce				5		
Comhairle Contae na Gaillimhe	Bóthar Thuama				7		
Comhairle Contae Liatroma	Bruach na Rós				6		
Comhairle Contae Luimnigh	Cluain Draighneach, Bóthar na hInse	14					
Comhairle Contae Mhuineacháin	Gort an Chaocháin	12			8		
Comhairle Contae Ros Comáin	Cluain Salach, An Caisleán Riabhach	3			10		
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	An Chiseog				10		
Comhairle Contae na hIarmhí	Páirc Mhicheál Naofa				8	5	
Iomlán		**29**	**0**	**0**	**58**	**5**	**0**

Scéimeanna Grúpthithíochta críochnaithe sa bhliain 2006

Údarás Áitiúil	Láthair	Líon Aonad	
		Nua	Athchóirithe/ Athdhéanta
Comhairle Baile Bhré	Radharc Sheanchonach		1
Comhairle Contae Cheatharlach	Baile Dhongáin		1
Comhairle Contae an Chabháin	Tulach Uí Mhongáin	5	
Comhairle Cathrach Átha Cliath	Bridgeview Park		10
Comhairle Cathrach Átha Cliath	Gairdíní Avila		1
Comhairle Contae Dhún na nGall	Ruball Sionnaigh, Baile na nGallóglach	1	
Comhairle Contae Fhine Gall	Halla an Leasáin, Sord	14	
Comhairle Contae na Gaillimhe	Bóthar an Droichid		1
Comhairle Contae Chill Chainnigh	N. Muire, Garraí an Chrainn	5	
Comhairle Contae Shligigh	Cúil Mhuine	1	
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	N. Aodhán, Gort an tSrutháin	5	
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Lána Choillte Leamháin, Cill an Ardáin	5	
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Baile Uí Fhoirtcheirn	10	
Comhairle Contae Chill Mhantáin	Bóthar an Ghleanna Abhóca	1	
Comhairle Contae Chill Mhantáin	Cill Lóch Íochtar, Cill Mocheanóg		1
Comhairle Contae Loch Garman	Mulla na mBaintreach Teach Munna	1	
Iomlán		**48**	**15**

Scéimeanna Grúpthithíochta á dtógáil ag an 31 Nollaig 2006

Údarás Áitiúil	Láthair	Líon Aonad	
		Nua	Athchóirithe/ Athdhéanta
Comhairle Contae Dhún na nGall	Bóthar an Choillín	2	
Comhairle Contae Dhún na nGall	Móin Chlaonta, Mainéar Uí Chuinneagáin		1
Comhairle Contae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin	Dún Ardach, An Charraig Dhubh	6	
Comhairle Contae Fhine Gall	Batter Lane	5	
Comhairle Contae na Gaillimhe	Baile Dháith, Baile Locha Riach	3	
Comhairle Contae Chill Chainnigh	N. Muire, Garraí an Chrainn	3	
Comhairle Contae Liatroma	Bruach na Rós	8	
Comhairle Contae Mhaigh Eo	Bóthar an Phortaigh	3	2
Comhairle Contae Ros Comáin	Coill Fhearna Bóthar Bhéal Átha Liag	6	
Comhairle Contae Ros Comáin	Droim Mucú, Bealach an Doirín		1
Comhairle Contae Ros Comáin	An Tulaigh, Ceathrú Bheithí		1
Co. Baile Thulach Mhór	Bóthar an Choiréil	3	
Co. Baile Thiobraid Árann	An Cheathrú Chlochach	2	
Co. Baile Thulach Mhór	Lána na Seansaireachta	4	
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	An Chiseog	10	
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Lána Uí Éideáin	8	
Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas	Céadrach	1	
Comhairle Cathrach Phort Láirge	Carraig Phiarais	3	
Comhairle Cathrach Phort Láirge	Green Road	1	
Comhairle Cathrach Phort Láirge	Bóthar an Aerfoirt	3	
Comhairle Contae Loch Garman	Gort na Silíní, Inis Córthaidh	8	
Comhairle Contae Loch Garman	Droichead Carley		1
Comhairle Contae Chill Mhantáin	An Chúil Mhór, Scratarnach		1
Iomlán		**79**	**7**

Tithíocht Aon-Uaire ceannaithe sa bhliain 2006

Local Authority	Location
Comhairle Contae Cheatharlach	Arda na Dolmaine, Baile Phollaird
Comhairle Contae Cheatharlach	Baile Uí Chiarnáin, Binn an Choire
Comhairle Contae Cheatharlach	Baile Sheáin, Binn an Choire
Comhairle Contae Dhún na nGall	Baile Mhic Comhghaill, Leitir Ceanainn
Comhairle Contae Dhún na nGall	Bomany, Leitir Ceanainn
Comhairle Contae na Gaillimhe	Baile Daibhe, Baile Locha Riach
Comhairle Contae na Gaillimhe	Cill Rícill, Baile Locha Riach
Comhairle Contae na Gaillimhe	Gilmartin Road, Tuaim
Comhairle Contae Chill Chainnigh	An Bhearna, Achadh Úr
Comhairle Contae Chill Chainnigh	Páirc na bhFia, Caisleán an Chomair
Comhairle Contae an Longfoirt	An Chorr Bhuí, Meathas Troim
Comhairle Contae Ros Comáin	Céide Ghort na Sceiche, Lios na Molt
Iomlán	**12**

Láithreán N. Pádraig, An Uaimh, Co. na Mí

Aguisín II
Comhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh

Údarás Áitiúil	Cóiríocht											
	Gnáth-Tithíocht an Údaráis Áitiúil			Grúpthithíocht an Údaráis Áitiúil			Tithe Príobháideacha le cúnamh ó Údaráis Áitiúla			Curtha ar fáil ag Comhlachtaí Deonacha le Cúnamh ó Údaráis Áitiúla		
	1			2			3			4		
	2004	2005	2006	2004	2005	2006	2004	2005	2006	2004	2005	2006
Ceatharlach	40	37	40	14	12	12	6	7	13	1	2	3
An Cabhán	27	31	26	11	18	23	0	0	0	0	0	0
An Clár	31	36	38	30	30	30	30	30	28	3	3	6
Corcaigh (Cathair)	148	129	133	9	9	9	7	20	20	0	0	0
Corcaigh (Contae)	107	124	113	14	14	16	15	10	11	1	1	2
Dún na nGall	91	97	108	11	11	12	1	1	0	3	7	0
BÁC (Cathair)	111	128	144	157	164	182	2	1	1	5	5	5
Dún Laogh-Rath	43	43	43	22	22	21	0	0	0	0	0	0
Fine Gall	67	70	63	38	34	45	0	0	0	0	1	1
Gaillimh (Cathair)	151	181	183	26	27	26	1	10	10	2	2	2
Gaillimh (Contae)	215	226	242	50	49	49	29	36	43	7	7	6
Ciarraí	180	184	132	0	0	0	50	51	70	0	0	1
Cill Dara	32	32	37	7	6	7	0	0	0	0	0	0
Cill Chainnigh	35	34	38	0	0	5	13	13	12	3	4	4
Laois	61	78	67	4	4	4	7	9	10	3	2	2
Liatroim	3	3	2	2	3	5	1	0	0	0	0	0
Luimneach (Cathair)	7	2	3	9	9	9	2	2	2	0	0	0
Luimneach (Contae)	130	136	158	16	16	16	28	30	30	0	0	0
An Longfort	172	182	207	0	0	0	15	15	16	4	4	4
Lú	129	139	146	19	20	20	30	32	34	8	9	9
Maigh Eo	124	101	116	5	7	7	15	15	16	4	7	8
An Mhí	69	76	59	41	41	29	5	5	0	9	9	15
Muineachán	52	53	52	0	0	0	20	18	18	0	0	2
TÁ Thuaidh	81	86	88	9	9	9	4	4	4	0	0	0
Uíbh Fhailí	67	68	67	0	0	0	23	23	23	5	6	5
Ros Comáin	13	13	15	10	10	9	3	3	4	0	0	0
Sligeach	33	29	32	0	0	0	1	1	0	3	4	3
BÁC Theas	129	146	158	24	38	43	9	9	9	0	0	0
TÁ Theas	49	51	52	8	11	11	5	5	5	0	1	2
Port Láirge (Cathair)	96	95	96	0	0	0	0	0	0	5	5	14
Port Láirge (Contae)	12	10	8	0	0	0	2	1	1	0	0	1
An Iarmhí	71	71	75	6	6	6	27	27	28	0	0	0
Loch Garman	110	115	122	28	26	25	22	22	22	7	7	8
Cill Mhantáin	67	72	78	12	10	12	3	3	3	1	1	1
IOMLÁN	**2,753**	**2,878**	**2,941**	**582**	**606**	**642**	**376**	**403**	**433**	**74**	**87**	**104**

Lucht Siúil sa bhliain 2006

	Iomlán						Iomlán					
	Láithreáin Stad na nÚdarás Áitiúil			Cóiríocht curtha ar fáil ag Údaráis Áitiúla nó le Cúnamh ó ÚÁ			Ar Láithreáin Neamhúdaraithe			Cóiríocht curtha ar fáil ag ÚÁ nó le Cúnamh ó ÚÁ agus ar Láithreáin Neamhúdaraithe		
	5			6			7			8		
	2004	2005	2006	2004	2005	2006	2004	2005	2006	2004	2005	2006
	4	7	5	65	65	73	3	5	6	68	70	79
	18	0	0	56	49	49	3	1	1	59	50	50
	22	29	35	116	128	137	18	6	15	134	134	152
	62	59	64	226	217	226	14	7	12	240	224	238
	11	19	16	148	168	158	37	33	40	185	201	198
	26	17	16	132	133	136	3	1	0	135	134	136
	159	147	119	434	445	451	41	72	70	475	517	521
	25	29	27	90	94	91	11	12	5	101	106	96
	152	113	81	257	218	190	7	43	66	264	261	256
	44	39	37	224	259	258	0	0	1	224	259	259
	27	20	24	328	338	364	41	45	33	369	383	397
	28	28	24	258	263	227	7	6	9	265	269	236
	17	29	31	56	67	75	28	20	10	84	87	85
	16	17	10	67	68	69	9	13	14	76	81	83
	13	17	6	88	110	89	9	6	8	97	116	97
	33	27	27	39	33	34	0	0	0	39	33	34
	42	44	52	60	57	66	1	1	1	61	58	67
	33	31	20	207	213	224	81	43	53	288	256	277
	16	10	9	207	211	236	9	5	10	216	216	246
	10	16	12	196	216	221	13	3	8	209	219	229
	3	11	5	151	141	152	43	28	27	194	169	179
	49	47	48	173	178	151	4	0	6	177	178	157
	13	7	11	85	78	83	2	8	0	87	86	83
	20	19	19	114	118	120	33	28	26	147	146	146
	42	37	55	137	134	150	27	23	25	164	157	175
	27	27	27	53	53	55	5	5	5	58	58	60
	34	38	36	71	72	71	22	20	14	93	92	85
	232	188	184	394	381	394	4	15	19	398	396	413
	21	16	16	83	84	86	17	18	21	100	102	107
	21	14	13	122	114	123	2	8	17	124	122	140
	11	14	10	25	25	20	8	7	9	33	32	29
	37	31	42	141	135	151	2	0	0	143	135	151
	23	23	19	190	193	196	74	72	71	264	265	267
	30	33	31	113	119	125	23	35	27	136	154	152
	1,321	**1,203**	**1,131**	**5,106**	**5,177**	**5,251**	**601**	**589**	**629**	**5,707**	**5,766**	**5,880**

Líon Iomlán Measta de Theaghlaigh Lucht Siúil i ngach Catagóir Cóiríochta sa bhliain 2005

Údarás Áitiúil	Cóiríocht curtha ar fáil ag ÚÁ nó le Cúnamh ó ÚÁ	Ar Láithreáin Neamh-údaraithe	Acmhainní Féin (Measta.)	Phríobh-áideach Ar Cíos (Measta.)	Tithíocht Roinnte	Iomlán
	Ó Lch. 21, Colún 6	Ó Lch. 21, Colún 7	3	4	5	6
Ceatharlach	73	6	12	8	20	**119**
An Cabhán	49	1	0	9	4	**63**
An Clár	137	15	3	17	15	**187**
Corcaigh (Cathair)	226	12	2	20	15	**275**
Corcaigh (Contae)	158	40	9	30	36	**273**
Dún na nGall	136	0	0	41	7	**184**
BÁC (Cathair)	451	70	0	35	23	**579**
Dún Laogh-Ráth	91	5	0	8	5	**109**
Fine Gall	190	66	0	69	4	**329**
Gaillimh (Cathair)	258	1	2	105	26	**392**
Gaillimh (Contae)	364	33	10	51	12	**470**
Ciarraí	227	9	16	47	6	**305**
Cill Dara	75	10	15	15	2	**117**
Cill Chainnigh	69	14	6	11	6	**106**
Laois	89	8	2	12	10	**121**
Liatroim	34	0	0	19	2	**55**
Luimneach (Cathair)	66	1	0	8	1	**76**
Luimneach (Contae)	224	53	100	12	50	**439**
An Longfort	236	10	27	28	20	**321**
Lú	221	8	33	53	17	**332**
Maigh Eo	152	27	0	56	8	**243**
An Mhí	151	6	0	29	6	**192**
Muineachán	83	0	2	15	9	**109**
TÁ Thuaidh	120	26	1	9	4	**160**
Uíbh Fhailí	150	25	4	35	6	**220**
Ros Comáin	55	5	0	6	4	**70**
Sligeach	71	14	0	18	8	**111**
Áth Cliath Theas	394	19	25	68	9	**515**
TÁ Theas	86	21	7	7	13	**134**
Port Láirge (Cathair)	123	17	32	17	0	**189**
Port Láirge (Contae)	20	9	0	1	0	**30**
An Iarmhí	151	0	73	18	1	**243**
Loch Garman	196	71	102	43	41	**453**
Cill Mhantáin	125	27	2	15	1	**170**
Iomlán	**5,251**	**629**	**485**	**935**	**391**	**7,691**



Lána Choillte Leamháin, Cill an Ardáin, Áth Cliath Theas

Comhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh Lucht Siúil – An Seasamh mar atá 24 Samhain 2006

Cóiríocht Iomlán curtha ar fáil ag Údaráis Áitiúla nó le Cúnamh ó Údaráis Áitiúla agus ar Láithreáin Neamhúdaraithe = 5,880



Láithreáin Staid Fhaofa Seirbhísithe – 2006

Líon na dTeaghlach



Ar Láithreáin Neamhúdaraithe – 2006

Líon na dTeaghlach



Cóiríocht curtha ar fáil (Líon Teaghlach)